Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/3543

22.7.2026

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

# An róthurasóireacht, cíosanna gearrthéarmacha agus brú amach an daonra áitiúil

**(tústuairim)**

(C/2026/3543)

Rapóirtéir: **Marinel Dănuț MUREȘAN**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 14.10.2025 |
| Bunús dlí | Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas |
| Dáta a glactha sa rannóg | 15.4.2026 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 29.4.2026 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 605 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 224/0/0 |

## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Cuireann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i bhfios go láidir gur éiceachóras straitéiseach don Aontas Eorpach í an turasóireacht a chuireann go mór le fás eacnamaíoch, fostaíocht agus forbairt shóisialta an Aontais. Dá bhrí sin, ba den ríthábhacht a áirithiú go leanfaidh an borradh atá faoin turasóireacht ar aghaidh ar bhealach inbhuanaithe cothrom ar mhaithe le hiomaíochas domhanda gheilleagar na hEorpa.

1.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór an ceart chun tithíochta inacmhainne a chur i gcroílár aon straitéise chun dul i ngleic leis an róthurasóireacht, go háirithe d'oibrithe, do dhaoine óga (mic léinn san áireamh) agus do chónaitheoirí fadtéarmacha, lena n-áiritheofar nach gcuirfear an turasóireacht in ionad an phobail áitiúil. Molann CESE gur thacaíocht a bheadh san éagsúlú eacnamaíoch i gceantair thurasóireachta do na FBManna áitiúla, do chomharchumainn, don gheilleagar sóisialta, don cheardaíocht, don chultúr agus do ghníomhaíochtaí traidisiúnta, trí mheán tacaíocht phoiblí, oiliúna agus cistiú inrochtana. Ar deireadh, molann CESE samhlacha turasóireachta seachshéasúir, cultúrtha, tuaithe agus áitiúla a chur chun cinn, rud a laghdóidh an brú ar lárionaid uirbeacha agus a dháilfidh na tairbhí ar bhealach níos cothroime.

1.3. Aithníonn CESE freisin go bhfuil méadú ag teacht ar an mbrú atá ar chinn scríbe áirithe ar fud na hEorpa mar gheall ar dhéine na turasóireachta ina gceantar féin, infhaighteacht tithíochta agus na saincheisteanna a bhaineann le pobail áitiúla a bhfuil cónaí orthu in éineacht le turasóirí. Tá iarmhairtí aige sin freisin ar chumas na n-oibrithe cónaí sna limistéir sin, rud a bhfuil iarmhairtí díreacha aige ar ghanntanais foirne agus ar na cothromaíochtaí sóisialta sna limistéir atá buailte.

1.4. Molann CESE go ndéanfaí cinntí maidir le rialáil turasóireachta, tithíocht agus úsáid spáis uirbigh trí phróisis rannpháirtíochta, lena n-áiritheofar go mbeidh fíorthionchar ag an bpobal áitiúil ar an ábhar. Molann sé freisin faireachlanna sonraí poiblí a bhunú, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, maidir le sreafaí turasóireachta, praghsanna tithe, infhaighteacht cíosa agus brú forbartha uirbí, lena gcumhdófar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun na fadhbanna uile a shainaithint. Molann sé freisin réimsí atá thíos leis an róthurasóireacht a shainaithint go cruinn (trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha caighdeánaithe Eorpacha chun faireachán, meastóireacht agus tacaíocht a thabhairt don rialachas sóisialta). Leis an gcur chuige sin, dhéanfaí deimhin de go n-úsáidfí acmhainní go héifeachtúil, go mbeadh cur chuige comhsheasmhach á chur i bhfeidhm ar fud an Aontais agus go gcuirfí turasóireacht inbhuanaithe fhadtéarmach athghiniúnach chun cinn, ag baint leas as acmhainní gach limistéir turasóireachta ar fud an Aontais.

1.5. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le freagairtí spriocdhírithe comhréireacha arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh dea-cháilíocht saoil ag daoine áitiúla, agus go leanfaidh an turasóireacht de bheith ag rannchuidiú leis an ngeilleagar. Chuige sin, is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais tacú le hiarrachtaí na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil cineálacha cur chuige cothroma fianaisebhunaithe a fhorbairt.

1.6. D'fhéadfadh Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh tionscnaimh shonracha a chur ar aghaidh sa réimse seo, cuir i gcás rialacháin maidir le hacmhainneacht turasóireachta, cláir infheistíochta athléimneachta pobail agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí don turasóireacht inbhuanaithe, rud a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar threoirthionscadal sa Chipir. D'fhéadfadh ról a bheith ag an gCipir anseo mar shamhail Eorpach, agus d'fhéadfadh sí inbhuanaitheacht a hoidhreachta barántúla a dhaingniú.

1.7. Dar le CESE, ba cheart díriú sa turasóireacht inbhuanaithe ar cháilíocht na fostaíochta san earnáil, rud ba cheart a bheith bunaithe ar idirphlé sóisialta láidir. Leis na tograí sin, chothófaí turasóireacht éagsúlaithe agus geilleagar áitiúil cuimsitheach agus chuirfí san áireamh ceart na n-oibrithe chun tithíochta inacmhainne agus iad ina gcónaí gar dá n-áiteanna oibre.

1.8. Tá réitigh réamhghníomhacha á gcur chun cinn ag CESE chun aghaidh a thabhairt ar an róthurasóireacht, ar chíosanna gearrthéarmacha iomarcacha agus ar bhrú amach na bpobal áitiúil, agus é d'aidhm aige turasóireacht éagsúlaithe, geilleagar áitiúil cuimsitheach agus cur chuige straitéiseach maidir le maoiniú lena gcomhcheanglaítear infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chothú.

1.9. Creideann CESE gur féidir leis an gCoimisiún Eorpach ról tábhachtach a imirt trí Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais atá ar na bacáin maidir le comhordú a éascú, tacú le malartú sonraí agus dea-chleachtas idir na Ballstáit, agus cineálacha cur chuige fianaisebhunaithe a chur chun cinn.

1.10. Iarrann CESE ar na Ballstáit samhlacha rialachais chomhoibríoch a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ina mbeidh geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha rannpháirteach, lena n-áirítear údaráis áitiúla, gnólachtaí, ceardchumainn, eagraíochtaí tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta, arb é is aidhm dóibh tionchar na róthurasóireachta, na gcíosanna gearrthéarmacha agus brú amach na bpobal áitiúil a mhapáil, a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos críochnúla, agus a áirithiú ag an am céanna go bhforbróidh an turasóireacht ar bhealach cothrom inbhuanaithe.

1.11. Molann CESE do na Ballstáit córas cánachais simplithe atá bunaithe ar dhreasachtaí a chur chun cinn do ghnólachtaí a bhunaítear sna réimsí sin, chun an geilleagar a athbheochan agus chun tacú leis an turasóireacht inbhuanaithe fhadtéarmach. Bheadh ar an gcóras cánach sin infheistíocht fhreagrach agus forbairt fhadtéarmach na bpobal áitiúil a spreagadh, agus aird chuí á tabhairt ar rialacháin maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus le cosaint tomhaltóirí agus, dá bhrí sin, ar phobail áitiúla.

1.12. Molann CESE do na Ballstáit uirlisí digiteacha caighdeánaithe Eorpacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an dianturasóireacht d'fhonn na riachtanais eacnamaíocha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a shainaithint agus na riachtanais sin a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as acmhainní an Aontais. D'áiritheofaí leis sin go n-úsáidfí acmhainní go héifeachtach agus go nglacfaí cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais, agus go gceadófaí cineál turasóireachta atá inbhuanaithe, fadtéarmach agus athghiniúnach ([1]), agus a bhaineann leas go príomha as acmhainní an limistéir turasóireachta lena mbaineann agus as acmhainní an Aontais ina iomláine.

1.13. Molann CESE d'Uachtaránacht na Cipire tús a chur le plé d'fhonn réitigh fhadtéarmacha a shainaithint don dianturasóireacht go háirithe, agus d'earnáil na turasóireachta ina hiomláine, réitigh is féidir a mhacasamhlú ar fud an Aontais trí straitéisí forbartha a chur i bhfeidhm amhail:

(a) leathnú críochach limistéar turasóireachta;

(b) cur chuige comhordaithe atá dírithe ar shíneadh a chur le fad an tséasúir turasóireachta nó na séasúr turasóireachta;

(c) cur chuige maidir le cíosanna gearrthéarmacha bunaithe ar shonraí oibiachtúla inchomparáide le haghaidh gach ceann scríbe, prionsabail choiteanna a mhéid a bhaineann le hiomaíocht chóir agus leis an gcreat dlíthiúil, agus solúbthacht chríochach laistigh de chreat bunúsach soiléir;

(d) cur chun feidhme shamhail 'geilleagar an dúnfoirt' (*citadel economy*), i gcás inarb infheidhme;

(e) gníomhaíochtaí traidisiúnta a fhorbairt mar aon le hathbheochan na seancheirdeanna (feirmeoireacht, uirlisí tí, potaí traidisiúnta atá déanta as ábhair nádúrtha, etc.), an chultúir agus na n-ealaíon traidisiúnta (réada cultúrtha traidisiúnta, deilbhíní, nithe a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leo, maisc, ceol, damhsa, etc.), agus raon traidisiún cócaireachta, d'fhonn an oiread gnólachtaí áitiúla agus is féidir (agus go háirithe FBManna) a rannpháirtiú chun tacú le forbairt na turasóireachta.

([1]) https://destinationcenter.org/tag/destination-stewardship/.

1.14. Molann CESE go mbeadh muintir na háite, go háirithe daoine óga, rannpháirteach i bhforbairt gnólachtaí agus ceardaíochta áitiúla, i ngeilleagar an dúnfoirt agus in athbheochan na ceardaíochta agus na dtraidisiún áitiúil. Chuige sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna, ba cheart do na réimsí sin a bheith cuimsitheach agus ba cheart iad a chur ar fáil do ghrúpaí éagsúla daoine óga, ina measc daoine óga faoi mhíchumas, ionas go mbeidh siad in ann na scileanna is gá a fháil chun rochtain a fháil ar fhostaíocht.

1.15. Molann CESE don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit Lárionad Eorpach um Cheardaíocht Thraidisiúnta agus um Ghairmeacha Oidhreachta a bhunú mar an comhlacht comhordúcháin ar leibhéal an Aontais chun ceardaíocht thraidisiúnta a chur chun cinn, a mhaoiniú agus a fhorbairt ar fud an Aontais. Tá gá leis sin toisc nach ann do chomhlacht den sórt sin faoi láthair atá tiomnaithe do chomhordú na ceardaíochta ar leibhéal an Aontais. Is rud é atá i gcomhréir leis an méid seo a leanas freisin:

— straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Turasóireacht Inbhuanaithe 2030;

— Coinbhinsiún UNESCO maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe.

1.16. Molann CESE freisin tionscadal a sheoladh arb é is aidhm dó an chéad bhrainse réigiúnach den Lárionad Eorpach um Cheardaíocht Thraidisiúnta agus um Ghairmeacha Oidhreachta a bhunú i dtír ina leantar de ghníomhaíochtaí traidisiúnta a dhéanamh, agus atá tiomanta don turasóireacht inbhuanaithe. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ón tionscadal seo, ba cheart é a leathnú ansin chuig Ballstáit eile.

1.17. Chun 'leathnú críochach na limistéar turasóireachta' a bhaint amach, molann CESE comhpháirtíochtaí scaipthe turasóireachta a chur ar bun, lena n-áireofaí, mar shampla:

(a) limistéar ina bhfuil dianturasóireacht;

(b) limistéar in aice leis sin ina bhforbrófaí saoráidí nua turasóireachta a d'fhéadfadh cuid de líon iomarcach na dturasóirí a ionsú, agus a mhaolódh plódú sa limistéar ina bhfuil dianturasóireacht;

(c) limistéar i dtír nó i réigiún eile de chuid an Aontais atá neamhfhorbartha nó nach mbíonn triall na dturasóirí air de ghnáth: d'fhéadfadh an chomhpháirtíocht sin acmhainneacht turasóireachta an limistéir sin a bhaint amach trí infheistíochtaí a fhorbairt agus trácht na dturasóirí in áit eile.

1.18. Molann CESE go leathnófaí sainchúram na n-eagraíochtaí margaíochta ceann scríbe (DMOnna) chun tacaíocht don timpeallacht ghnó áitiúil agus tacaíocht don turasóireacht áitiúil a chur san áireamh, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i dtionscadail a bhaineann le maoin mar chuid d'athchothromú na turasóireachta sa cheantar. D'fhéadfadh na tionscadail sin a bhaineann le maoin a bheith dírithe ar thithíocht oiriúnach a chur ar fáil do phobail áitiúla agus ar thithíocht úsáide measctha a chur ar fáil d'oibrithe neamhchónaitheacha i gceantair thurasóireachta.

1.19. Creideann CESE gur féidir na tionscadail sin go léir a chur i gcrích le meascán de chistí ón Aontas chun tacú le gnólachtaí (go háirithe MFBManna) sa phróiseas claochlaithe agus buntáistí cánach meántéarmacha agus fadtéarmacha d'infheisteoirí i gceantair thurasóireachta a bhfuil cíosanna iomarcacha gearrthéarmacha acu. Ba cheart do na tionscadail sin cothromaíocht chomhchuí a bhaint amach idir leasanna mhuintir na háite i dtéarmaí a gcáilíochta saoil agus leasanna na dturasóirí. Chun é sin a bhaint amach, tá gá le dea-rialachas agus cur chuige maoirseachta cinn scríbe ([2]), ina mbeidh údaráis áitiúla, ionadaithe ó phobail áitiúla, an pobal gnó, ionadaithe oibrithe, agus eagraíochtaí comhshaoil agus tomhaltóirí rannpháirteach.

1.20. D'fhonn tacú leis an turasóireacht inbhuanaithe, molann CESE do na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar leis an bpobal gnó lena mbaineann go díreach agus dul i mbun idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus le hionadaithe na sochaí sibhialta, go háirithe leis an bpobal áitiúil chun tacú le tionscadail atá dírithe ar thithíocht chuibhiúil inacmhainne inrochtana a chur ar fáil d'úsáid mheasctha. Dhéanfadh DMO nó comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí an tithíocht sin a bhainistiú agus chuirfí ar fáil í do dhaoine a oibríonn in earnáil na turasóireachta nó d'oibrithe ó ghnólachtaí áitiúla.

1.21. Creideann CESE go gcruthófaí comhtháthú sóisialta, fás foriomlán gnó, deiseanna don phobal agus na dálaí chun daoine óga a lánpháirtiú i saol an ghnó dá gcuirfí borradh faoi ghnólachtaí sa limistéar. Bheadh daoine óga i gcroílár an tionscadail seo, agus dá gcuirfí oiliúint orthu i ngairmeacha athbheoite, ba chuidiú é sin le geilleagar an dúnfoirt a neartú, le hinbhuanaitheacht gnólachtaí sa limistéar a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, le cineál turasóireachta níos inbhuanaithe a chothú atá dírithe ar phobail áitiúla freisin.

([2]) Tionscail turasóireachta — anailís eacnamaíoch — Míniú ar Staidreamh — Eurostat.

## 2. Barúlacha ginearálta

2.1. Gineann an turasóireacht 10 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais Eorpaigh agus tá níos mó ná 12 mhilliún duine fostaithe san earnáil sin [3], rud a fhágann gur tionscal tábhachtach í d'fhás eacnamaíoch, d'fhostaíocht agus d'fhorbairt shóisialta an Aontais. Le tábhacht na turasóireachta i roinnt mhaith Ballstát, leagtar béim freisin ar acmhainneacht na hearnála buntáistí iomaíocha nua a ghiniúint don Aontas agus iomaíochas domhanda an Aontais a neartú.

2.2. Is féidir le cíosanna turasóireachta i gceantair ardéilimh nó i mórcheantair turasóireachta an bonn den chomhtháthú sóisialta agus iachall a chur ar an lucht oibre lár na gcathracha a fhágáil, rud a chruthaíonn ganntanas oibrithe riachtanacha i seirbhísí poiblí. Ar an dul céanna, bíonn tionchar acu ar an iomaíochas, ós rud é nach féidir le hoibrithe cónaí gar dá n-áiteanna oibre agus nach mór dóibh comaitéireacht a dhéanamh, rud a mbíonn tionchar aige freisin ar shoghluaisteacht agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil. Ar na cúiseanna sin go léir, molann CESE do na Ballstáit gníomhú go práinneach chun réitigh inchomparáide maidir le cíosanna gearrthéarmacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

2.3. Mar sin féin, tá dúshláin ag baint leis an turasóireacht freisin do roinnt pobail áitiúla, lena n-áirítear mic léinn agus daoine óga i gcoitinne. D'fhonn a áirithiú nach ndéanfar leathchuma ar na grúpaí sin laistigh dá bpobal féin de dheasca praghsanna arda, ní mór do na rialtais tús áite a thabhairt don tithíocht mar áit chónaithe, seachas mar shócmhainn amhantrach, trí chíosanna gearrthéarmacha do thurasóirí a rialáil i gcás inar gá, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, trí chur leis an infheistíocht phoiblí i gcóiríocht inacmhainne a chuirtear ar fáil go sonrach do mhic léinn agus, freisin, trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe chun gur féidir tionscadail tithíochta a fhorbairt [4]. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, teacht ar na réitigh chearta chun cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir leasanna eacnamaíocha agus leasanna na sochaí.

2.4. Ní rud nua í an róthurasóireacht; tagann sí i gceist nuair a bhíonn insreabhadh cuairteoirí ann nach bhfuil an ceann scríbe turasóireachta in ann déileáil leis de cheal acmhainneacht eagrúcháin, lóistíochta agus bainistíochta agus nuair a dhéanann an t-insreabhadh sin difear do leasanna áitiúla na gcónaitheoirí. Tá méadú tagtha ar an róthurasóireacht mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear an domhandú agus rochtain mhéadaithe ar iompar domhanda, rud a chuireann ar chumas codanna níos leithne den daonra páirt a ghlacadh sa turasóireacht. Mar sin féin, is féidir le muintir na háite agus turasóirí an róphlódú a thuiscint ar bhealaí éagsúla agus tá sé nasctha le dálaí áitiúla agus le toilleadh bonneagair. Is féidir le cuir chuige straitéiseacha lena ndírítear ar ghnéithe struchtúracha (pleanáil, eagrú, lóistíocht, úsáid tithíochta príobháidí le haghaidh cíosanna gearrthéarmacha), mar aon le teaictící margaíochta lena ndéantar turasóirí a stiúradh i ngan fhios dóibh cabhrú leis an turasóireacht a bhainistiú go héifeachtach [5]. [6].

2.5. Ó dheireadh na paindéime i leith, tá méadú mór tagtha ar líon na dturasóirí in aghaidh na bliana in go leor áiteanna san Eoraip. D'fhág sin gurbh éard a rinne na húdaráis agus na hinstitiúidí áitiúla i limistéir thurasóireachta bearta áitiúla a chur i ngníomh: táillí iontrála chun líon na dturasóirí i gcathracha nó i limistéir áirithe (mar shampla an Veinéis) a laghdú, teorainn a chur le líon na dticéad a dhíoltar le haghaidh institiúidí cultúrtha áirithe (cuir i gcás Músaem Prado i Maidrid), agus rochtain na long mór crúsála ar cheantair mhuirí áirithe a shrianadh.

2.6. Tá méadú tagtha freisin ar an éileamh ar chóiríocht mar gheall ar an méadú ar líon na gcuairteoirí, agus mar thoradh air sin tá méadú tapa tagtha ar líon na gcíosanna gearrthéarmacha atá ar fáil trí ardáin dhigiteacha ar fud na gceann scríbe turasóireachta éagsúil. Dá thoradh sin, thug institiúidí an Aontais faoi chíosanna gearrthéarmacha a oibrítear trí ardáin dhigiteacha turasóireachta a rialú.

2.7. Léiríonn an méid sin go léir go bhfuil méadú tagtha ar an turasóireacht i réimsí áirithe go leibhéil a d'fhéadfadh teannas a chruthú i bpobail áitiúla agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le gníomhaíocht a chomhordaítear ar leibhéal an Aontais. Is díol sásaimh do CESE an obair atá déanta ag an gCoimisiún ar Straitéis an Aontais Eorpaigh don Turasóireacht Inbhuanaithe.

2.8. Tá ról tábhachtach ag an gCoimisiún Eorpach maidir le réitigh a fhorbairt a d'fhéadfadh an bealach chun cinn a chur in iúl maidir leis na saincheisteanna sin. Is deis thábhachtach í Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais atá ar na bacáin chun aghaidh a thabhairt ar go leor de na dúshláin atá roimh chinn scríbe na hEorpa faoi láthair, lena n-áirítear brúnna turasóireachta i réimsí áirithe, ganntanais saothair agus scileanna agus an gá atá le hiomaíochas fadtéarmach éiceachóras turasóireachta na hEorpa a fheabhsú.

(3) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Tourism_industries_-_economic_analysis.
(4) Páipéar Seasaimh: '*More Than a Roof*', le Fóram Eorpach na nÓg: https://www.youthforum.org/files/250414-PP-Housing-A5.pdf.
(5) *Rapporto sull'overtourism — focus sul Veneto*, [Tuarascáil ar an róthurasóireacht — fócas ar réigiún Veneto] Deireadh Fómhair 2023. https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Tourism_industries_-_economic_analysis.
(6) *Overtourism e strategie di contenimento:il caso di Capri* — Páipéar taighde, [An róthurasóireacht agus straitéisí srianta: cás Capri], Deireadh Fómhair 2024.

2.9. Is díol sásaimh do CESE tacaíocht Uachtaránacht na Cipire le turasóireacht inbhuanaitheacht fhadtéarmach mar thosaíocht más amhlaidh atá sí dírithe ar an gcomhtháthú sóisialta, ar thithíocht inacmhainne, ar an athléimneacht agus ar an inbhuanaitheacht a chur chun cinn trí réitigh a aimsiú is féidir a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais. Ní mór do na réitigh simpliú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le turasóireacht inbhuanaithe san an-fhadtéarma a chruthú, ionas gur féidir leis na glúnta atá le teacht tairbhe chomhchuí inbhuanaithe a bhaint as cineál eile turasóireachta a bhfuil a bunsraitheanna á leagan síos sa lá atá inniu ann.

2.10. Trí uirlisí digiteacha a chur san áireamh sna beartais atá ceaptha chun todhchaí thurasóireacht na hEorpa a mhúnlú, trí na beartais sin a dhéanamh solúbtha i bhfianaise thaithí na bpríomhlimistéar turasóireachta go dtí seo, agus trí bheartais a bheidh ann amach anseo a chur in oiriúint don fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, féadfaidh earnáil na turasóireachta acmhainneacht fáis a chur ar fáil go díreach agus gníomhaíochtaí gaolmhara fáis a fhorbairt.

## 3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Eascraíonn an róthurasóireacht as mórphlódú cuairteoirí isteach i gcinn scríbe ina bhfuil nithe is díol spéise ar leith agus eispéireas nach féidir a fháil in aon áit eile. Is é spiorad an phobail áitiúil, arb é cuisle chultúrtha an cheantair é, bunbhrí an mhéid a mheallann daoine chuig na cinn scríbe sin. Gan na pobail sin, ní bheadh sna cinn scríbe sin ach iarsmaí seandálaíochta, saothair ealaíne, limistéir áilleachta nádúrtha nó saoráidí óstáin neamhphearsanta, gan barántúlacht dhaonna a bheith acu. Is féidir an feiniméan sin a fheiceáil ar bhonn uilechoiteann sa Ghréig, sa Spáinn, san Iodáil, sa Danmhairg agus sa Chipir, rud a léiríonn gur saincheist fhorleathan é sin ar fud na hEorpa. Chun meon sin na háite a chaomhnú, tá gá le tacaíocht ó phobail áitiúla, a bhíonn ag brath ar shreabhadh rialaithe cuairteoirí chun a n-oidhreacht spioradálta agus chultúrtha a chur chun cinn. Tá gá le bearta praiticiúla chun tacú le pobail áitiúla, cuir i gcás rialacháin maidir le hacmhainneacht turasóireachta, cláir infheistíochta athléimneachta pobail, agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí don turasóireacht inbhuanaithe.

3.2. I limistéir áirithe ar saintréith dóibh an róthurasóireacht, tá méaduithe tagtha ar an gcíos nach mór do mhuintir na háite agus d'oibrithe atá fostaithe sa turasóireacht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara a íoc as cíosanna fadtéarmacha mar thoradh ar chíosanna gearrthéarmacha. Mar sin féin, ní foláir a aithint gur ghin an feiniméan seo ioncam suntasach ar an gcíos gearrthéarmach d'úinéirí réadmhaoine agus gur sholáthair sé deiseanna cóiríochta nua chomh maith. Tagann de sin freisin go gcuirtear cosc ar mhuintir na háite infheistíocht a dhéanamh mar thoradh ar an difríocht sa chumhacht cheannaigh idir infheisteoirí agus an pobal áitiúil.

3.3. Cruthaíonn an dianturasóireacht fadhbanna freisin maidir le cumas ionsúcháin na gceann scríbe, rud a mbíonn tionchar díreach aige ar dhaonra na gceantar sin.

3.4. Mar gheall ar chíosanna gearrthéarmacha a bheith á gcur ar fáil trí ardáin dhigiteacha, cruthaíodh deiseanna ioncaim ar thaobh amháin, agus ceanglas maidir le maoirseacht bhreise cánach, ar an taobh eile; ag an am céanna tá deiseanna infheistíochta á gcruthú dá réir agus luach sócmhainní á mhéadú. Mar thoradh ar na cíosanna sin, tá turasóirí mar chuid de shaol laethúil na gcónaitheoirí áitiúla, rud a chuireann brú uaireanta ar mhuintir na háite, agus ar roinnt turasóirí chomh maith. Dá bhrí sin, tá gá anois le bearta práinneacha agus reachtaíocht áitiúil maille le reachtaíocht i réimse na cánach. Rialaítear é sin ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) 2024/1028 ([7]).

3.5. Tugann CESE dá aire, cé gur glacadh an Rialachán maidir le cíosanna gearrthéarmacha trí ardáin ar líne, nár réitíodh go fóill go leor de na fadhbanna a chruthaíonn an tsaincheist sin do dhaoine áitiúla. Dá bhrí sin, molann sé don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí chur chun feidhme an Rialacháin seo agus na mbeart arna ndéanamh ag cathracha éagsúla san Aontas agus moltaí a dhéanamh ar an mbonn sin.

3.6. Tá CESE ag iarraidh go dtabharfadh an tAontas tacaíocht d'earnáil turasóireachta iomlán an Aontais, go háirithe do FBManna, chun borradh a chur faoin aistriú digiteach agus faoin aistriú glas, agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin lóistíochta dhomhanda agus ar athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus inbhuanaitheacht na hearnála tábhachtaí sin. Mhéadódh sin acmhainneacht an mhargaidh Eorpaigh, rud a chuirfeadh táirgí ardcháilíochta chun cinn agus a ráthódh leanúnachas an táirgthe Eorpaigh san fhadtéarma agus san an-fhadtéarma i ngach earnáil eacnamaíoch.

([7]) Rialachán (AE) 2024/1028 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1028, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1028/oj).

3.7. Molann CESE, i gcás inarb infheidhme, na straitéisí eacnamaíocha seo a leanas a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna thuasluaite:

(a) leathnú críochach limistéar turasóireachta;

(b) cur chuige comhordaithe atá dírithe ar shíneadh a chur le fad na bhfanachtaí agus le fad an tséasúir turasóireachta nó na séasúr turasóireachta;

(c) cur chuige maidir le cíosanna gearrthéarmacha bunaithe ar shonraí oibiachtúla inchomparáide le haghaidh gach cinn scríbe, prionsabail choiteanna a mhéid a bhaineann le hiomaíocht chóir agus leis an gcreat dlíthiúil, agus solúbthacht chríochach laistigh de chreat bunúsach soiléir;

(d) samhail 'geilleagar an dúnfoirt' a chur chun feidhme (*coincheap ar dá réir nach mór gach ní atá de dhíth ar limistéar ar leith a tháirgeadh sa limistéar sin agus/nó ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach, agus sin amháin tar éis anailís chuí a bheith déanta ag na cinnteoirí lena mbaineann ar an méid ar cheart glacadh leis sa limistéar agus ar na cainníochtaí de agus conas ba cheart an t-easnamh i gcistí a shlánú*);

(e) gníomhaíochtaí traidisiúnta a fhorbairt mar aon le hathbheochan na seancheirdeanna (feirmeoireacht, uirlisí tí, potaí traidisiúnta atá déanta as ábhair nádúrtha, etc.), an chultúir agus na n-ealaíon traidisiúnta (réada cultúrtha traidisiúnta, deilbhíní, nithe a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leo, maisc, ceol, damhsa, etc.), agus raon traidisiún cócaireachta, d'fhonn an oiread gnólachtaí áitiúla agus is féidir (agus go háirithe FBManna) a rannpháirtiú chun tacú le forbairt na turasóireachta.

3.8. Tugann CESE dá aire go bhfuil gá le straitéis Eorpach chomhordaithe chun beartais náisiúnta agus réigiúnacha a chomhchuibhiú maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe a bhaineann leis an gceird (saoirseacht chloiche, an adhmadóireacht, teicstílí, an chriadóireacht, an mhiotalóireacht, traidisiúin chócaireachta), agus go bhfuil gá le cistiú láraithe freisin, mar atá ciste Eorpach tiomnaithe arna tharraingt as Eoraip na Cruthaitheachta, Fís Eorpach agus cláir eile de chuid an bheartais comhtháite, d'fhonn an méid seo a leanas a chur chun feidhme:

(a) ceardlanna chun teicnící traidisiúnta a mhúineadh agus a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin;

(b) Deimhniú Eorpach do cheardaithe agus do cheardaithe;

(c) bonneagar le haghaidh ionaid cheardaíochta áitiúla agus réigiúnacha.

Le lárionad Eorpach do cheardaíocht thraidisiúnta agus do ghairmeacha traidisiúnta, d'athrófaí an cheardaíocht ó ghníomhaíochtaí iargúlta, atá ag brath ar bheartais náisiúnta ilroinnte, go hacmhainn straitéiseach Eorpach don turasóireacht inbhuanaithe, don chomhtháthú réigiúnach agus don éagsúlú eacnamaíoch.

3.9. Molann CESE don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit Lárionad Eorpach um Cheardaíocht Thraidisiúnta agus um Ghairmeacha Oidhreachta a bhunú mar an comhlacht comhordúcháin ar leibhéal an Aontais chun ceardaíocht thraidisiúnta a chur chun cinn, a mhaoiniú agus a fhorbairt ar fud an Aontais. Chuirfí de chúram ar an ionad sin forbairt ceardaíochta a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus bheadh sé i gcomhréir go hiomlán le Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais 2030 agus le Coinbhinsiún UNESCO maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe.

3.10. Iarrann CESE ar na Ballstáit dlús a chur lena straitéisí maidir leis an turasóireacht inbhuanaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar ghnólachtaí beaga agus ar na comhpháirtithe sóisialta, ar ionadaithe an phobail áitiúil agus ar gheallsealbhóirí eile sa réimse, d'fhonn cinntí éifeachtacha agus inbhuanaithe a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis na straitéisí sin a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme ar mhórscála. Leis an gcur chuige sin, leagfaí síos an bhunchloch don fhorbairt áitiúil chomhtháite freisin. Faoin tsamhail sin, dhéanfaí tairbhí na turasóireachta a dháileadh ar bhealach níos cothroime, rud a chuideodh leis an ngeilleagar áitiúil a éagsúlú le nach mbeadh sé ag brath chomh mór sin ar shreafaí turasóireachta amach anseo.

3.11. Tá CESE ag iarraidh go ndíreofaí go háirithe ar riachtanais daoine óga i gceantar na turasóireachta agus ar an 'gceart fanachta'.

3.12. Molann CESE don Choimisiún critéir a bhunú chun a chinneadh cathain a mheastar limistéar a bheith ina cheann scríbe 'dianturasóireachta' agus, dá bhrí sin, a bheith incháilithe chun an aird agus an tacaíocht a theastaíonn uaidh ó leibhéil éagsúla rialtais a fháil. Réiteach amháin ar chomhchruinniú na turasóireachta i roinnt limistéar is ea iarracht a dhéanamh sreafaí turasóireachta a bhainistiú. Chuige sin, creideann CESE go bhféadfaí an tsamhail seo a leanas maidir le heasrú turasóirí a mheas:

(a) limistéar a bhfuil tionchar ag an dianturasóireacht air;

(b) limistéar in aice leis sin a d'fhéadfadh cuid de na turasóirí a ionsú agus an earnáil a fhorbairt a thuilleadh trí infheistíochtaí a dhéanamh sa réimse sin, cosúil leo siúd a ghin dianturasóireacht san ionad turasóireachta, agus a d'fhéadfadh spás a chur ar fáil freisin inarbh fhéidir tithíocht inacmhainne a fhorbairt;

(c) limistéar i dtír nó i réigiún eile de chuid an Aontais atá neamhfhorbartha nó nach mbíonn triall na dturasóirí air de ghnáth: d'fhéadfadh an chomhpháirtíocht sin acmhainneacht turasóireachta an limistéir sin a bhaint amach trí infheistíochtaí a fhorbairt agus trácht na dturasóirí in áit eile.

3.13. Chun réitigh a sholáthar ar fhadhb shonrach na nganntanas tithíochta d'oibrithe in earnáil na turasóireachta, d'fhéadfadh údaráis áitiúla, in éineacht leis an bpobal gnó, limistéir infheistíochta a chruthú chun tithíocht úsáide measctha a fhorbairt, arna mbainistiú ar bhonn comhthola leis na comhpháirtithe sóisialta chun freastal ar riachtanais tithíochta na n-oibrithe sa cheantar.

3.14. Gné thábhachtach eile is ea gné shóisialta na hearnála a neartú, go háirithe trí dhlús a chur leis an idirphlé sóisialta agus, i gcás inarb iomchuí, leis an idirphlé sibhialta, i bhfianaise ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, chun a áirithiú go gcuirfear na bearta i bhfeidhm go héifeachtach agus chun cáilíocht na fostaíochta a fheabhsú. Trí bhorradh a chur faoi ghnólachtaí áitiúla, cuirtear ní hamháin leis an bhfás eacnamaíoch ach leis an gcomhtháthú sóisialta freisin, cruthaítear deiseanna don phobal agus éascaítear lánpháirtiú daoine óga trí ghairmoiliúint i ngairmeacha traidisiúnta athbheoite. Trí gach cuid den tsochaí a rannpháirtiú, cuirtear feabhas ar chumarsáid, ar chuntasacht chomhroinnte agus ar spreagadh oibrithe, agus ag an am céanna cuidítear le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cineál séasúrach na hearnála agus le coinneáil oibrithe a fheabhsú. Thacódh cur chuige comhtháite den sórt sin le samhlacha turasóireachta inbhuanaithe agus nuálacha a fhorbairt, rud a ghinfeadh luach fadtéarmach do phobail agus do na glúnta atá le teacht.

An Bhruiséil, an 29 Aibreán 2026.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Séamus BOLAND